

RÍOCHT NA BEILGE

EACNAMAÍOCHT SEIRBHÍS Phoiblí Cónaidhme, Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide

Foraithne Ríoga maidir leis an nós imeachta chun tógáil agus coimisiúnú suiteálacha cábla-bhealaigh atá ceaptha chun daoine a iompar a údarú

PHILIPPE, Rí na mBeilgeach,

Do chách i láthair, agus iad siúd atá le teacht, Beannachtaí.

Rialachán (AE) 2016/424 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le suiteálacha cábla-bhealaigh agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/9/CE;

Ag féachaint d’Airteagal IX.4(1)(1) den Chód Dlí Eacnamaíoch;

Ag féachaint don teachtaireacht chuig an gCoimisiún Eorpach, dar dáta XXX, de bhun Airteagal 5(1) de Threoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise;

Ag féachaint do Thuairim CCE XXX ón gCoimisiún Comhairleach Speisialta maidir le Tomhaltas mar ionadaí na n-earnálacha lena mbaineann, arna tabhairt an XXX;

Ag féachaint do Thuairim xxxxx/x ón gComhairle Stáit, a tugadh an [DÁTA], de bhun Airteagal 84(1)(1) (1)(2), de na dlíthe maidir leis an gComhairle Stáit, a comhdhlúthaíodh an 12 Eanáir 1973;

Ar thogra an tAire Comhshaoil;

D’fhorathníomar agus forathnímid leis seo:

Airteagal 1 Beidh feidhm ag an bhForaithne seo maidir le suiteálacha cábla-bhealaigh atá ceaptha chun daoine a iompar a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2016/424 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le suiteálacha cábla-bhealaigh agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/9/CE, dá ngairtear ‘Rialachán (AE) 2016/424’ anseo feasta.

Gan dochar don dara mír d’Airteagal 5, ní chumhdófar leis an gcéad mhír suiteálacha a mheastar a bheith stairiúil, cultúrtha nó cuid den oidhreacht a coimisiúnaíodh roimh an 1 Eanáir 1986 agus atá fós i mbun oibríochta.

Airteagal 2 Chun críoch na Foraithne seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe a leagtar síos in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2016/424.

Airteagal 3 Chun críocha na Foraithne seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1° an tAire: an tAire atá freagrach as sábháilteacht tomhaltóirí a chosaint;

2° Príomhchonraitheoir: aon duine nádúrtha nó dlítheanach a choimisiúnaíonn tógáil suiteála.

Airteagal 4 Is é an príomhchonraitheoir an duine freagrach dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2016/424.

Airteagal 5 Beidh tógáil agus coimisiúnú suiteála dá dtagraítear in Airteagal 1 faoi réir údarú ón Aire, i gcomhréir le hAirteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2016/424.

I gcás ina ndéantar modhnuithe suntasacha ar shuiteáil dá dtagraítear in Airteagal 1, ní mór údarú coimisiúin nua a iarraidh ar an Aire.

Ní fhéadfar comhpháirteanna sábháilteachta agus fochórais a shuiteáil agus a choimisiúnú ach amháin má chumasaíonn siad suiteálacha a thógáil nach dócha go gcuirfidh siad sábháilteacht agus sláinte daoine i mbaol nó, i gcás inarb iomchuí, sábháilteacht maoine, nuair a dhéantar iad a shuiteáil, a chothabháil agus a oibriú i gceart i gcomhréir leis an gcríoch atá beartaithe dóibh.

Airteagal 6 Cuirfidh an príomhchonraitheoir an t-iarratas ar údarú dá dtagraítear sa chéad mhír d’Airteagal 5 faoi bhráid na hArd-Stiúrthóireachta um Cháilíocht agus Sábháilteacht Gheilleagar na Seirbhíse Poiblí Cónaidhme, FBManna, Gnólachtaí Beaga agus Fuinneamh.

Beidh san iarratas ar údarú dá dtagraítear sa chéad mhír na doiciméid a liostaítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) 2016/424.

Is comhlacht creidiúnaithe a dhéanfaidh an anailís sábháilteachta dá dtagraítear in Airteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2016/424.

Airteagal 7 Ní fhéadfar na suiteálacha dá dtagraítear in Airteagal 1 a choinneáil i mbun oibríochta ach amháin má chomhlíonann siad na coinníollacha a leagtar síos san anailís sábháilteachta dá dtagraítear in Airteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2016/424.

Airteagal 8 Cé is moite den dara mír d’Airteagal 5, ní bheidh feidhm ag an bhForaithne seo maidir le suiteálacha a coimisiúnaíodh roimh theacht i bhfeidhm na Foraithne seo.

Beidh coimisiúnú suiteála a tógadh ach nár coimisiúnaíodh, nó atá á tógáil, roimh theacht i bhfeidhm na Foraithne seo, faoi réir údarú ón Aire i gcomhréir leis an gcéad mhír d’Airteagal 5.

Airteagal 9 Tiocfaidh an Foraithne seo i bhfeidhm ar XXX.

Airteagal 10 Beidh an tAire atá freagrach as an nGeilleagar agus as Cosaint Sábháilteachta Tomhaltóirí freagrach as an bhForaithne seo a chur chun feidhme.

Déanta sa/i

De réir an Rí:

An tAire Geilleagair,